



Coimisiún
na Meán

Plean Ceadúnaithe Teilifís Pobail 2026

Dáta foilsithe:
Deireadh Fómhair 2025



Plean Ceadúnaithe Teilifís Pobail Choimisiún na Meán 2026

D'fhorbair Coimisiún na Meán ("an Coimisiún"), údarás rialála agus forbartha na meán in Éirinn, chun treoir a thabhairt maidir le soláthar seirbhísí craolacháin in Éirinn. Leagtar amach i *Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin* an Choimisiúin a cur chuige maidir le ceadúnú seirbhísí raidió agus teilifíse sa Stát (mar aon seirbhísí de chuid RTÉ agus TG4) chun a chinntiú go bhfreastalaíonn raon éagsúil de sheirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch ar lucht féachana na hÉireann.

Leagtar amach in Alt 72 den Acht Craolacháin 2009 ("an tAcht 2009"), foráil chun conarthaí maidir le hÁbhar Pobail a Sholáthar a dheonú le haghaidh tarchuir seirbhísí pobail ar líonra cumarsáide leictreonaí don phobal. Is féidir na conarthaí seo a bhronnadh ar bhaill de phobal áitiúil nó de phobal comhleasa más deimhin leis an Coimisiún go bhfuil na daoine sin ionadaitheach, agus cuntasach, don phobal lena mbaineann, agus go ndéanfar bunábhar clár atá beartaithe freastal ar leasanna an phobail agus féachaint le tairbhe shóisialach a sholáthar don phobal.

Tá an Coimisiún ag cur a **Phlean Ceadúnaithe Teilifíse Pobail 2026** i láthair. Leagtar amach sa Phlean foráil maidir le hathcheadúnú dhá sheirbhís teilifíse pobail atá ann cheana, mar seo a leanas:

1) Conradh Ábhar Pobail a Sholáthar do DCTV

Conraitheoir	Cineál Seirbhíse	Pobail ar a bhFreastalaítear	Dáta Éaga an Chonartha
Dublin Community Television Society Limited ag trádáil mar Dublin City TV ("DCTV")	Seirbhís teilifíse pobail	Cathair agus Contae Átha Cliath agus a gceantar máguaird	28 Aibreán 2026

2) Conradh Ábhar Pobail a Sholáthar do CCTV

Conraitheoir	Cineál Seirbhíse	Pobail ar a bhFreastalaítear	Dáta Éaga an Chonartha
Cork Community Television Company Limited by Guarantee ag trádáil mar Cork Community Television ("CCTV")	Seirbhís teilifíse pobail	Cathair agus Contae Chorcaí	28 Aibreán 2026